D'fhéadfadh úsáid masc aghaidhe go poiblí scaipeadh ionfhabhtaithe sa phobal a laghdú trí scaoileadh braoiníní riospráide ó dhaoine ionfhabhtaithe a íoslaghdú.

#COVID19

ecdc.europa.eu

Trí **mhasc aghaidhe leighis** a úsáid (ar a dtugtar masc máinliachta nó masc gnáthaimh freisin) cruthaítear bacainn idir foireann an ospidéil agus na hothair tríd an mbéal, an tsrón agus an smig a chlúdach. Úsáideann oibrithe cúram sláinte é chun braoiníní móra riospráide agus stealla a chosc ó bhéal agus srón an chaiteora a bhaint amach. Laghdaítear leis agus/nó rialaítear leis freisin scaipeadh braoiníní móra riospráide ón gcaiteoir.

Maisc aghaidhe neamh-leighis (nó maisc 'phobail'), áirítear leo cineálacha éagsúla masc féin-déanta nó tráchtála agus clúdaigh aghaidhe déanta as éadach, teicstílí eile nó ábhair eile (e.g. páipéar). Níl siad caighdeánaithe agus níl siad beartaithe le húsáid i suíomhanna cúram sláinte ná ag gairmithe cúram sláinte.

Tá **análaitheoir** nó píosa aghaidhe scagtha deartha chun an caiteoir a chosaint ó nochtadh d'ábhar salaithe san aer agus tá sé rangaithe mar threalamh cosanta pearsanta. Is iad oibrithe cúram sláinte go príomha a úsáideann píosaí aghaidhe scagtha, go háirithe le linn gnásanna lena ngintear aerasóil. Níl análaitheoirí ar a bhfuil comhla oiriúnach le húsáid mar bhealach chun ionfhabhtú a rialú, toisc nach gcuireann siad cosc ar cháithníní riospráide a scaoileadh ón gcaiteoir isteach sa timpeallacht.

#COVID19

ecdc.europa.eu

Ní mór tús ái te a thabhairt d'úsáid na masc aghaidhe leighis ag oibrithe cúram sláinte seachas úsáid sa phobal.

#COVID19

ecdc.europa.eu

D'fhéadfadh úsáid na **masc aghaidhe** sa phobal a mheas agus cuairt á tabhairt ar spásanna gnóthacha dúnta, amhail siopaí grósaera, ionaid siopadóireachta, nó le linn iompar poiblí á úsáid, etc.

Níor chóir maisc aghaidhe a mheas ach amháin mar bheart **comhlántach** agus ní chun cleachtais choisctheacha seanbhunaithe a ionadú, amhail scaradh fisiceach, béasa casachta agus sraotha, sláinteachas láimhe agus teagmháil leis an aghaidh a sheachaint.

#COVID19

ecdc.europa.eu

Cuimhnigh! Tá úsáid cheart na masc aghaidhe ríthábhachtach maidir lena n-éifeachtacht agus le sábháilteacht.

- Áirithigh go gclúdaíonn an masc d'aghaidh ina n-iomláine ó chaol na sróine síos go dtí do smig.
- Glan do lámha le gallúnach agus uisce nó le sláintitheoir láimhe alcól-bhunaithe sula gcuireann tú an masc aghaidhe ort nó sula mbaineann tú é díot.
- Agus do mhasc aghaidhe á bhaint díot, bain é ón gcúl - bí cinnte gan teagmháil a dhéanamh le héadan an mhaisc.
- Más masc aghaidhe indiúscartha é, déan é a dhiúscairt ar bhealach sábháilte.
- Más masc in-athúsáidte é, nigh é a luaithe is féidir tar éis gach úsáide le glantach coiteann ag 60° C.
- D'fhéadfadh feachtais a thaispeánann úsáid chuí na masc aghaidhe ag an bpobal feabhas a chur ar a n-úsáid éifeachtach agus shábháilte.

#COVID19

ecdc.europa.eu